

An Roinn Oideachais agus Scileanna  
Sráid Maoilbhríde  
Baile Átha Cliath 1



Department of Education and Skills  
Marlborough Street  
Dublin 1

AN ROINN | DEPARTMENT  
OIDEACHAIS | OF EDUCATION  
AGUS SCILEANNA | AND SKILLS

**Imlitir 0072/2011**

**Chuibh: Údaráis Bhainistíochta agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta  
Bhunscoileanna, Mheánscoileanna, Scoileanna Pobail agus Scoileanna  
Cuimsitheacha aitheanta**

**GNÁSANNA CASAOIDE AGUS ARAÍONACHTA DO CHÚNTÓIRÍ  
RIACHTANAS SPEISIALTA I MBUNSCOILEANNA AGUS IAR-  
BHUNSCOILEANNA AITHEANTA**

Ordaíonn an tAire Oideachais agus Scileanna duit na gnásanna casaoide agus araíonachta iniata a chur i bhfeidhm do chúntóirí riachtanas speisialta a bhfuil a bpoist maoinithe ag airgead curtha ar fáil ag an Oireachtas. Tá na gnásanna le cur i bhfeidhm ag gach fostóir láithreach agus ní mór dos na cúntóirí riachtanas speisialta uilig cloí le téarmaí na himlitreach seo.

Beidh na gnásanna nua maidir le haraíonacht i bhfeidhm nuair a agraítear gnás araíonachta i ndiaidh dáta na himlitreach seo beag beann ar an uair a tharla an cheist lena bhfuil an gnás araíonachta ag plé. Nuair atá tús curtha le gnás araíonachta roimh dháta na himlitreach leanfaidh an gnás araíonachta atá agartha cheana i bhfeidhm.

Déan cinnte, led' thoil, go dtugtar cóipeanna den imlitir seo chuig na baill uilig den Bhord Bainistíochta agus go dtarraingítear aird na gcúntóirí riachtanas speisialta uilig atá fostaithe agat, lena n-áirítear iad siúd atá ar chead neamhláithreachta, ar a bhfuil san imlitir.

Is féidir teacht ar an imlitir seo ar shuíomh gréasáin na Roinne [www.education.ie](http://www.education.ie)

Philip Crosby  
Príomhoifigeach  
Caidreamh Foirne Seachtraigh  
15 Nollaig 2011

# GNÁSANNA CASAOIDE AGUS ARAÍONACHTA A BHAINNEANN LE CÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA (CRSanna)

## GNÁSANNA ARAÍONACHTA

### RÉAMHRÁ:

1. Tá gnásanna riachtanach chun a chinntiú go gcaomhnaítear araíonacht i scoileanna agus gur féidir bearta araíonachta a chur i bhfeidhm ar bhealach cóir agus comhsheasmhach. De bhreis ar chomhionannas agus an ceartas aiceanta a chur san áireamh, éilfionn cothabháil na dea-thimpeallachta do chaidreamh tionsclaíoch go mbeidh gnásanna inghlactha ar bun agus á gcomhlíonadh.
2. Tá dhá fheidhm ag gnásanna dá leithéid toisc go gcuireann siad creatlach ar fáil a cheadaíonn don bhainistíocht caighdeáin sásúla a choinneáil, agus do CRSanna rochtain a bheith acu ar ghnásanna trínar féidir aghaidh a thabhairt go cothrom ar theipeanna cloí leis na caighdeáin seo.
3. Is iad na heilimintí bunúsacha atá ag gnásanna ar bith chun plé le cúrsaí araíonachta ná go mbeidís réasúnach agus cothrom, go bhfuil an bunús le gníomh araíonachta soiléir, go bhfuil an réimse de phionóis is féidir a chur sainithe go maith agus go bhfuil meicníocht achomhairc ar fáil.
4. Ba chóir gnásanna a athbhreithniú agus a nuashonrú ó am go ham sa chaoi is bhfuil siad ag teacht le coinníollacha athraithe, leis an bhforbairt i reachtaíocht na fostaíochta agus cásdlí agus dea-chleachtas sa chaidreamh tionsclaíochta i gcoitinne.
5. Caomhnaíonn an fostóir an ceart chun scálaí am a athrú trí chomhaontú scríofa frithpháirteach idir na páirtithe.
6. Beidh na gnásanna nua maidir le haraíonacht i bhfeidhm nuair a agráítear gnás araíonachta i ndiaidh dáta na himlitreach seo beag beann ar an uair a tharla an cheist lena bhfuil an gnás araíonachta ag plé. Nuair atá tús curtha le gnás araíonachta roimh dháta na himlitreach leanfaidh an gnás araíonachta atá agartha cheana i bhfeidhm.

### PRIONSABAIL GHINEARÁLTA:

7. Príomhaidhm na himlitreach seo is ea a leagan amach, mar threoir do bhoird bhainistíochta agus CRSanna, na prionsabail ghinearálta a bheidh i bhfeidhm i bhfeidhmiú ghnásanna araíonachta.
8. Tugtar aitheantas do cheart na hionadaíochta. Ní áiríonn sé seo an chéim neamhfhoirmiúil. Do chúiseanna na ngnásanna seo, tuigfear leis an tagairt do ‘ionadaí fostaí’ comhghleacaí de rogha an CRS (a thoilíonn a bheith i láthair) atá ag freastal sa scoil chéanna nó ionadaí ceadaithe ceardchumainn ach ní duine nó comhlachas ar bith eile nach bhfuil nasctha leis an scoil.

9. Tá sé riachtanach go ndéanfaí foireann a bhainistiú mar is cuí, go cothrom agus go comhsheasmhach sa gnéithe uilig dá gcuid oibre. Is féidir plé le hiliomad fadhbanna a bhaineann le hobair, iompar, feidhmíocht, tinreamh agus/nó nithe eile dá leithéid sula sroichtear an pointe ag a bhfuil an bhainistíocht ag smaoineamh ar ghníomhaíocht araíonachta fhoirmiúil.
10. Nuair atá bunús ann le gníomhaíocht araíonachta, ní mór don bhainistíocht a chinntiú go gcaitear le CRSanna, a bhfuil bearta araíonachta molta ina gcoinne, ar bhealach cóir agus cothrom.
11. Tá na prionsabail seo a leanas i bhfeidhm:  
**Ceartas Aiceanta agus Gnásanna Cothroma:**
- tugtar sonraí maidir le ceisteanna ar bith don CRS lena mbaineann;
  - tugtar an deis don CRS lena mbaineann freagairt go hiomlán do cheisteanna ar bith dá leithéid;
  - tugtar an deis don CRS lena mbaineann leas a bhaint as an gceart ionadaíocht a bheith acu le linn an ghnáis;
  - tá sé de cheart ag an CRS lena mbaineann cinneadh cóir agus neamhchlaonta a fháil i leith na gceisteanna bainteacha, ag cur san áireamh aon agóid déanta ag, nó ar son, an CRS agus aon fhianaise, gnéithe nó coinníollacha eile ábhartha nó chuí.
12. Tá an fostóir ag súil le, agus ag éileamh, caighdeán imleor oibre, iompair, feidhmíochta agus tinrimh ó CRSanna. Tá gach CRS cuntasach go pearsanta faoina c(h)uid oibre, iompair, feidhmíochta agus tinrimh. Tá sé inmhianta dos na páirtithe uilig go mbeadh idirghabháil luath ag an leibhéal cuí chun aghaidh a thabhairt ar iompraíocht a mheastar a bheith míchuí.
13. Ní chuirfidh rud ar bith sa ghnás seo, áfach, bac ar an bhfostóir cruinniú araíonachta a thionól agus pionó(i)s araíonachta a chur i bhfeidhm ag céim níos faide ar aghaidh den ghnás seo atá iomchuí do nádúr an chiona líomhnaithe. Ina theannta sin, coinníonn an fostóir an ceart CRS ar bith a smachtú chomh fada le dífhostú láithreach, agus é sin san áireamh, i gcás mí-iompair thromchúisigh.
14. Cé go samhlaítear go gcomhoibreoidh CRSanna go hiomlán leis an ngnás araíonachta seo, má theiptear ar chomhoibriú ní chuirfear cosc ar cheist a phróiseáil faoin ngnás seo go dtí an chríoch. Má theipeann ar CRS comhoibriú le gnás araíonachta, beidh téarmaí a c(h)uid fostaíochta á shárú aige/aici sé/sí agus beidh sé/sí faoi réir ghníomhaíocht araíonachta.
15. Baineann forálacha na himlitreach seo leis na CRSanna uilig ach amháin CRSanna atá ag freastal ar bhonn promhaidh.

## CÉIMEANNA:

### CÉIM 1 - CÉIM NEAMHFHOIRMIÚIL:

16. Mura bhfuil sé déanta cheana féin ba chóir cóip de na Gnásanna Araíonachta a thabhairt don CRS lena mbaineann agus go molfaí dó/dí eolas a chur ar na céimeanna éagsúla de na gnásanna a d'fhéadfaí a agairt agus raon na bpionós atá ar fáil.
17. Séard is aidhm don chéim seo ná an CRS a chur ar an eolas faoi cheist ar bith a bhaineann le hobair, iompar, feidhmíocht, tinreamh nó ceist ar bith eile dá leithéid a luaithe agus is féidir agus an deis a thabhairt dó/dí míniú a thabhairt.
18. Pléifidh príomhoide na scoile leis an CRS nádúr na ceiste agus cé acu an bhfuil bunús substaintiúil leis an gceist nó nach bhfuil. Féadfaidh an plé seo na nithe seo a leanas a chlúdach más cuí:
  - Cén fáth go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil obair, iompar, feidhmíocht, tinreamh nó ceist ar bith eile dá leithéid míshásúil;
  - Bealaí ceartaithe a d'fhéadfadh a bheith ann agus léiriú ar scála ama inghlactha do cheartú dá leithéid;
  - Tromchúis na ceiste agus iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann mura bhfuil feabhsú ann nó má tharlaíonn sé arís;
  - Tabharfaidh príomhoide na scoile le fios go ndéanfar monatóireacht ar an scéal agus go mbeidh tréimhse athbhreithnithe trí mhí i bhfeidhm, gan tréimhsí saoire agus saoire cheadaithe san áireamh.
19. Cláróidh príomhoide na scoile sonraí maidir leis an gcruinniú seo agus aon ghníomhaíocht atá le leanúint agus cuirfear iad siúd in iúl i scríbhinn don CRS.
20. Más rud é, i dtuairim phríomhoide na scoile, agus an tréimhse athbhreithnithe trí mhí curtha i gcrích, go bhfuil feabhas leanúnach ann, ansin measfaidh príomhoide na scoile go bhfuil an cheist críochnaithe agus cuirfidh sé/sí é seo in iúl don CRS, i scríbhinn.
21. Féadfaidh ócáidí a bheith ann nuair a bhíonn obair, iompar, feidhmíocht, tinreamh nó ceist ar bith eile dá leithéid de chuid CRS sásúil le linn na tréimhse athbhreithnithe ach go dtéann sé i léig go gairid ina dhiaidh sin. Nuair a thagann pátrún dá leithéid chun cinn féadfar iompar agus patrún iompair an CRS roimhe seo a mheas ina iomláine i ngnás araíonachta amach anseo.
22. Nuair atá teipthe ar an CRS páirt a ghlacadh go dearfach leis an bpróiseas neamhfhoirmiúil agus/nó nach sroicheadh obair, iompar, feidhmíocht, tinreamh nó ceist ar bith eile dá leithéid de chuid CRS na caighdeáin atá de dhíth, pléifear leis an gceist faoin ngnás araíonachta a leagtar amach anseo thíos:-

## CÉIM 2 - GNÁS ARAÍONACHTA FOIRMIÚIL

23. Mura bhfuil sé déanta cheana féin ba chóir cóip de na Gnásanna Araíonachta a thabhairt don CRS lena mbaineann agus go molfaí dó/dí eolas a chur ar na céimeanna éagsúla de na gnásanna a d'fhéadfaí a agairt agus raon na bpionós atá ar fáil.

### 24. Teip ar Chúntóir Riachtanas Speisialta Freastal ar Chruinniú Araíonachta:

Cé go samhlaítear go gcomhoibreoidh an CRS lena mbaineann go hiomlán leis an ngnás araíonachta seo, má theiptear ar chomhoibriú ní chuirfear cosc ar cheist a phróiseáil faoin ngnás seo go dtí an chríoch.

### FOLÁIREAMH Ó BHÉAL:

25. Ba chóir cruinniú araíonachta foirmiúil leis an CRS a bheith tionóltha ag príomhoide na scoile. Ba chóir fógra trí lá oibre ar a laghad den chruinniú a thabhairt don CRS. Ba chóir go luafadh an fógra aidhm an chruinnithe agus ráiteas cruinn ar an réimse/na réimsí ina bhfuil a c(h)uid oibre, iompair, feidhmíochta, tinrimh nó ceist ar bith eile dá leithéid míshásúil. Ba chóir cóipeanna den cháipéisíocht chuí uilig a thabhairt don CRS roimh an chruinnithe seo. Féadfaidh an CRS lena mbaineann a bheith á t(h)ionlacadan chuig cruinniú ar bith dá leithéid ag ionadaí fostaí. Féadfaidh príomhoide na scoile a bheith á t(h)ionlacadan chuig cruinniú ar bith dá leithéid ag duine amháin dá leithéid.

26. Pléifidh an cruinniú leis na nithe seo a leanas:

- Cén fáth go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil obair/iompar/feidhmíocht/tinreamh nó ceist ar bith eile dá leithéid míshásúil;
- Tabharfar deis don CRS freagra a thabhairt, agus beidh sé de cheart aige/aici aon ráiteas agus/nó tuairim gur mian leis nó léi a dhéanamh maidir leis an gceist a chur ar an taifead;
- Bealaí ceartaithe a d'fhéadfadh a bheith ann agus léiriú ar scála ama inghlactha do cheartú dá leithéid;
- Tacaíocht chuí a d'fhéadfadh an fostóir a chur ar fáil;
- Tromchúis na ceiste agus iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann mura bhfuil feabhsú ann nó má tharlaíonn sé arís;
- Tabharfaidh príomhoide na scoile le fios go ndéanfar monatóireacht ar an scéal agus go mbeidh tréimhse athbhreithnithe trí mhí i bhfeidhm, gan tréimhsí saoire agus saoire cheadaithe san áireamh.

27. Ullmhóidh príomhoide na scoile taifead foirmiúil den chruinniú. Ba chóir cóip a thabhairt don CRS lena mbaineann laistigh de chúig lá oibre den chruinniú. Beidh sé de cheart ag an CRS lena mbaineann aon tuairim gur mian leis nó léi a dhéanamh maidir le taifead foirmiúil an chruinnithe a chur ar an taifead, laistigh de chúig lá oibre ó thaifead foirmiúil an chruinnithe a fháil.

28. Agus machnamh déanta ar ghach ní cinnfidh príomhoide na scoile cibé an bhfuil bunús le foláireamh ó bhéal nó nach bhfuil. Nuair a thugtar foláireamh

ó bhéal, ag an gcrúinniú seo nó i ndiaidh an chruinnithe, ansin ba chóir go dtabharfaí taifead don CRS den fholáireamh ó bhéal seo, i scríbhinn, laistigh de chúig lá oibre den chruinniú. Ba chóir go luadh an foláireamh ó bhéal seo an feabhsú atá de dhíth, an scála ama d'fheabhsú agus na hiarmhairtí a bheidh ann mura mbíonn feabhsú ann. Ba chóir go ndéarfadh an foláireamh ó bhéal leis an CRS go ndéanfar machnamh ar fholáireamh scríofa mura bhfuil feabhsú sásúil agus leantach ann agus má theiptear feabhas a dhéanamh agus a choinneáil ar aghaidh go rachfar chun cinn leis an ngnás araíonachta. Coinneoidh príomhoide na scoile nó bord bainistíochta na scoile cóip den fholáireamh ó bhéal seo.

29. **Déanfar an foláireamh ó bhéal seo a thairfeadh i scríbhinn ar chomhad pearsanra an CRS agus fanfaidh sé i bhfeidhm ar feadh tréimhse sé mhí gan tréimhsí saoire agus saoire cheadaithe san áireamh. Agus tréimhse sé mhí eile thart, bainfear taifead an fholáirimh seo de chomhad pearsanra an CRS ar an gcoinníoll go bhfuil obair, iompar, feidhmíocht, tinreamh nó ceist ar bith eile dá leithéid de chuid an CRS sásúil le linn na tréimhse seo agus/nó ar an gcoinníoll nach n-éiríonn ceist níos tromchúisí.**
30. Féadfaidh ócáidí a bheith ann nuair a bhíonn obair, iompar, feidhmíocht, tinreamh nó ceist ar bith eile dá leithéid de chuid CRS sásúil le linn na tréimhse ina bhfuil an foláireamh i bhfeidhm ach go dtéann sé i léig go gairid ina dhiaidh sin. Nuair a thagann pátrún dá leithéid chun cinn féadfar iompar agus patrún iompair an CRS roimhe seo a mheas ina iomláine i ngnás araíonachta amach anseo.
31. Más rud é, i dtuairim phríomhoide na scoile, i ndiaidh thionól an chruinnithe araíonachta, nach bhfuil bunús le foláireamh ó bhéal a eisiúint, ansin féadfaidh sé/sí a chinneadh nár chóir aon ghníomhaíocht eile a dhéanamh maidir leis an gceist. Ba chóir fógra a thabhairt i scríbhinn don CRS, laistigh de chúig lá oibre den chruinniú, maidir le cinneadh ar bith dá leithéid a ghlacfar ina leith seo.

### **FOLÁIREAMH SCRÍOFA:**

32. Más rud é, agus foláireamh ó bhéal faighte, go dteipeann ar an CRS an feabhsú atá de dhíth a dhéanamh nó a choinneáil ar bun laistigh den tréimhse athbhreithnithe atá comhaontaithe, nó más rud é go dtarlaíonn ceist níos tromchúisí, ba chóir do phríomhoide na scoile agus duine ainmnithe ag bord bainistíochta na scoile cruinniú araíonachta foirmiúil leis an CRS a thionól. Ba chóir go dtabharfaí fógra trí lá oibre ar a laghad do chruinniú ar bith don CRS. Ba chóir go luafadh an fógra aidhm an chruinnithe agus ráiteas cruinn ar an réimse/na réimsí ina bhfuil a c(h)uid oibre, iompair, feidhmíochta, tinrimh nó ceist ar bith eile dá leithéid míshásúil. Ba chóir cóipeanna den cháipéisíocht chuí uilig a thabhairt don CRS roimh an chruinnithe seo. Féadfaidh an CRS lena mbaineann a bheith á t(h)ionlacan chuig cruinniú ar bith dá leithéid ag ionadaí fostaí.
33. Pléifidh an cruinniú leis na nithe seo a leanas:
- Cén fáth go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil obair/iompar/feidhmíocht/tinreamh nó ceist ar bith eile dá leithéid míshásúil;
  - Tabharfar deis don CRS freagra a thabhairt, agus beidh sé de cheart aige/aici aon ráiteas agus/nó tuairim gur mian leis nó léi a dhéanamh maidir leis an gceist a chur ar an taifead;
  - Bealaí ceartaithe a d'fhéadfadh a bheith ann agus léiriú ar scála ama inghlactha do cheartú dá leithéid;
  - Tacaíocht chuí a d'fhéadfadh an fostóir a chur ar fáil;
  - Tromchúis na ceiste agus iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann mura bhfuil feabhsú ann nó má tharlaíonn sé arís;
  - Tabharfaidh príomhoide na scoile le fios go ndéanfar monatóireacht ar an scéal agus go mbeidh tréimhse athbhreithnithe trí mhí i bhfeidhm, gan tréimhsí saoire agus saoire cheadaithe san áireamh.
34. Ullmhóidh príomhoide na scoile nó ainmní an bhoird bhainistíochta taifead foirmiúil den chruinniú. Ba chóir cóip a thabhairt don CRS lena mbaineann laistigh de chúig lá oibre den chruinniú. Beidh sé de cheart ag an CRS lena mbaineann aon tuairim gur mian leis nó léi a dhéanamh maidir le taifead foirmiúil an chruinnithe a chur ar an taifead, laistigh de chúig lá oibre ó thaifead foirmiúil an chruinnithe a fháil.
35. Agus machnamh déanta ar ghach ní cinnfidh príomhoide na scoile agus ainmní an bhoird bhainistíocht cibé an bhfuil bunús le foláireamh scríofa nó nach bhfuil. Nuair a thugtar foláireamh scríofa, ag an gcruinniú seo nó i ndiaidh an chruinnithe, ansin ba chóir go dtabharfaí an foláireamh scríofa seo don CRS, i scríbhinn, laistigh de chúig lá oibre den chruinniú. Ba chóir go luadh an foláireamh scríofa seo an feabhsú atá de dhíth, an scála ama d'fheabhsú agus na hiarmhairtí a bheidh ann mura mbíonn feabhsú ann. Ba chóir go ndéarfadh an foláireamh scríofa leis an CRS go ndéanfar machnamh ar fholáireamh scríofa deiridh mura bhfuil feabhsú sásúil agus leantach ann agus má theiptear feabhas a dhéanamh agus a choinneáil ar aghaidh go rachfar chun cinn leis an ngnás araíonachta. Coinneoidh príomhoide na scoile nó bord bainistíochta na scoile cóip den fholáireamh scríofa seo.

36. **Déanfar an foláireamh scríofa seo a thaifeadadh i scríbhinn ar chomhad pearsanra an CRS agus fanfaidh sé i bhfeidhm ar feadh tréimhse sé mhí gan tréimhsí saoire agus saoire cheadaithe san áireamh. Agus tréimhse sé mhí eile thart, bainfear taifead an fholáirimh seo de chomhad pearsanra an CRS ar an gcoinníoll go bhfuil obair, iompar, feidhmíocht, tinreamh nó ceist ar bith eile dá leithéid de chuid an CRS sásúil le linn na tréimhse seo agus/nó ar an gcoinníoll nach n-éiríonn ceist níos tromchúisí.**
37. Féadfaidh ócáidí a bheith ann nuair a bhíonn obair, iompar, feidhmíocht, tinreamh nó ceist ar bith eile dá leithéid de chuid CRS sásúil le linn na tréimhse ina bhfuil an foláireamh i bhfeidhm ach go dtéann sé i léig go gairid ina dhiaidh sin. Nuair a thagann pátrún dá leithéid chun cinn féadfar iompar agus patrún iompair an CRS roimhe seo a mheas ina iomláine i ngnás araíonachta amach anseo.
38. Más rud é, i dtuairim phríomhoide na scoile agus ainmní an bhoird bhainistíochta, i ndiaidh thionól an chruinnithe araíonachta, nach bhfuil bunús le foláireamh scríofa a eisiúint, ansin féadfaidh siad a chinneadh nár chóir aon ghníomhaíocht eile a dhéanamh maidir leis an gceist nó gur chóir na foláirimh a eisíodh roimhe sin a mharcáil in éag. Ba chóir fógra a thabhairt i scríbhinn don CRS, laistigh de chúig lá oibre den chruinniú, maidir le cinneadh ar bith dá leithéid a ghlacfar ina leith seo.



## **FOLÁIREAMH SCRÍOFA DEIRIDH:**

39. Más rud é go dteipeann ar an CRS an feabhsú atá de dhíth a dhéanamh nó a choinneáil ar bun laistigh den tréimhse athbhreithnithe atá comhaontaithe, nó más rud é go dtarlaíonn ceist níos tromchúisí, déanfar cruinniú araíonachta foirmiúil leis an CRS a thionól. Déanfaidh príomhoide na scoile agus duine ainmnithe ag bord bainistíochta na scoile an cruinniú araíonachta leis an CRS a thionól. Ba chóir go dtabharfaí fógra trí lá oibre ar a laghad do chruinniú ar bith don CRS. Ba chóir go luafadh an fógra aidhm an chruinnithe agus ráiteas cruinn ar an réimse/na réimsí ina bhfuil a c(h)uid oibre, iompair, feidhmíochta, tinrimh nó ceist ar bith eile dá leithéid míshásúil. Ba chóir cóipeanna den cháipéisíocht chuí uilig a thabhairt don CRS roimh an chruinnithe seo. Féadfaidh an CRS lena mbaineann a bheith á t(h)ionlacan chuig cruinniú ar bith dá leithéid ag ionadaí fostaí.
40. Pléifidh an cruinniú leis na nithe seo a leanas:
- Cén fáth go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil obair/iompar/feidhmíocht/tinreamh nó ceist ar bith eile dá leithéid míshásúil;
  - Tromchúise an cháis;
  - Tabharfar deis don CRS freagra a thabhairt, agus beidh sé de cheart aige/aici aon ráiteas agus/nó tuairim gur mian leis nó léi a dhéanamh maidir leis an gceist a chur ar an taifead;
  - Bealaí ceartaithe a d'fhéadfadh a bheith ann agus léiriú ar scála ama inghlactha do cheartú dá leithéid;
  - Tacaíocht chuí a d'fhéadfadh an fostóir a chur ar fáil;
  - Tabharfar le fios don CRS, más rud é nach bhfuil feabhas inghlactha ann laistigh den tréimhse athbhreithnithe seo, gur féidir go mbeidh dífhostú ann dá bharr nó go nglacfar pionós araíonachta cuí eile (m.sh. saoire riaracháin nó incrimintí a choinneáil siar/a iarchur);
  - Tabharfaidh príomhoide na scoile le fios go ndéanfar monatóireacht ar an scéal agus go mbeidh tréimhse athbhreithnithe dhá mhí dhéag i bhfeidhm, gan tréimhsí saoire agus saoire cheadaithe san áireamh
41. Ullmhóidh príomhoide na scoile nó ainmní an bhoird bhainistíochta taifead foirmiúil den chruinniú. Ba chóir cóip a thabhairt don CRS lena mbaineann laistigh de chúig lá oibre den chruinniú. Beidh sé de cheart ag an CRS lena mbaineann aon tuairim gur mian leis nó léi a dhéanamh maidir le taifead foirmiúil an chruinnithe a chur ar an taifead, laistigh de chúig lá oibre ó thaifead foirmiúil an chruinnithe a fháil.
42. Agus machnamh déanta ar ghach ní cinnfidh príomhoide na scoile agus ainmní an bhoird bhainistíocht cibé an bhfuil bunús le foláireamh scríofa deiridh nó nach bhfuil. Nuair a thugtar foláireamh scríofa deiridh, ag an gcruinniú seo nó i ndiaidh an chruinnithe, ansin ba chóir go dtabharfaí an foláireamh scríofa deiridh seo don CRS, i scríbhinn, laistigh de chúig lá oibre den chruinniú. Ba chóir go luadh an foláireamh scríofa deiridh seo an feabhsú atá de dhíth, an scála ama d'fheabhsú agus na hiarmhairtí a bheidh ann mura mbíonn feabhsú ann. Ba chóir go ndéarfadh an foláireamh scríofa deiridh seo leis an CRS, má theipeann air/uirthi a cuid oibre, iompair, feidhmíochta, tinrimh nó ceist ar bith eile dá leithéid a leasú, go mbeidh tuilleadh

gníomhaíochta araíonachta ann chomh fada le dífhostú, agus é sin san áireamh, faoi réir an ghnáis a leagtar amach anseo. Coinneoidh príomhoide na scoile nó bord bainistíochta na scoile cóip den fholáireamh scríofa deiridh seo.

43. **Déanfar an foláireamh scríofa deiridh seo a thaifeadadh i scríbhinn ar chomhad pearsanra an CRS agus fanfaidh sé i bhfeidhm ar feadh tréimhse dhá mhí déag gan tréimhsí saoire agus saoire cheadaithe san áireamh. Agus tréimhse dhá mhí déag eile thart, bainfear taifead an fholáirimh seo de chomhad pearsanra an CRS ar an gcoinníoll go bhfuil obair, iompar, feidhmíocht, tinreamh nó ceist ar bith eile dá leithéid de chuid an CRS sásúil le linn na tréimhse seo agus/nó ar an gcoinníoll nach n-éiríonn ceist níos tromchúisí.**
44. Féadfaidh ócáidí a bheith ann nuair a bhíonn obair, iompar, feidhmíocht, tinreamh nó ceist ar bith eile dá leithéid de chuid CRS sásúil le linn na tréimhse ina bhfuil an foláireamh i bhfeidhm ach go dtéann sé i léig go gairid ina dhiaidh sin. Nuair a thagann pátrún dá leithéid chun cinn féadfar iompar agus patrún iompair an CRS roimhe seo a mheas ina iomláine i ngnás araíonachta amach anseo.
45. Más rud é, i dtuairim phríomhoide na scoile agus ainmní an bhoird bhainistíochta, i ndiaidh thionól an chruinnithe araíonachta, nach bhfuil bunús le foláireamh scríofa deiridh a eisiúint, ansin féadfaidh siad a chinneadh nár chóir aon ghníomhaíocht eile a dhéanamh maidir leis an gceist nó gur chóir na foláirimh a eisíodh roimhe sin a mharcáil in éag. Ba chóir fógra a thabhairt i scríbhinn don CRS, laistigh de chúig lá oibre den chruinniú, maidir le cinneadh ar bith dá leithéid a ghlacfar ina leith seo.
46. D'ainneoin an ghnáis thuas, coinníonn an fostóir an ceart CRS ar bith a smachtú chomh fada le dífhostú láithreach, agus é sin san áireamh, i gcás mí-iompair thromchúisigh.

### **CÉIM 3 – SAOIRE RIARACHÁIN, DÍFHOSTÚ NÓ BEART(A) ARAÍONACHTA CUÍ EILE**

47. Mura bhfuil sé déanta cheana féin ba chóir cóip de na Gnásanna Araíonachta a thabhairt don CRS lena mbaineann agus go molfaí dó/dí eolas a chur ar na céimeanna éagsúla de na gnásanna a d'fhéadfaí a agairt agus raon na bpiónós atá ar fáil.
- 48. Teip ar Chúntóir Riachtanas Speisialta Freastal ar Chruinniú Araíonachta:**  
Cé go samhlaítear go gcomhoibreoidh an CRS lena mbaineann go hiomlán leis an ngnás araíonachta seo, ní chuirfidh aon teip ar chomhoibriú cosc ar cheist a phróiseáil faoin ngnás seo go dtí an chríoch.
49. Mura bhfeabhsaíonn obair, iompar, feidhmíocht, tinreamh nó ceist ar bith eile dá leithéid de chuid an CRS go dtí leibhéal sásúil le linn na tréimhse athbhreithnithe aontaithe atá leagtha síos sa foláireamh scríofa deiridh, nó má tharlaíonn ceist níos tromchúisí, iarrfar air/uirthi freastal ar chruinniú araíonachta leis an mbord bainistíochta. Ba chóir go dtabharfaí fógra cúig lá oibre ar a laghad do chruinniú ar bith don CRS. Ba chóir go luafadh an fógra aidhm an chruinnithe agus ráiteas cruinn ar an réimse/na réimsí ina bhfuil a c(h)uid oibre, iompair, feidhmíochta, tinrimh nó ceist ar bith eile dá leithéid míshásúil. Ba chóir cóipeanna den cháipéisíocht chuí uilig a thabhairt don CRS roimh an chruinnithe seo.
50. Féadfaidh an CRS cúnaimh a fháil ó ionadaí fostaí ag an gcruinniú araíonachta seo.
51. Ag an gcruinniú araíonachta seo tabharfar deis don CRS freagra a thabhairt don cheist agus a mhíniú cén fáth go gceapann sé/sí nár chóir don bhord bainistíochta pionós araíonachta a ghearradh nó é/í a dhífhostú. Beidh sé de cheart ag an CRS freisin aon nóta tráchta agus/nó tuairim gur mian leis nó léi a dhéanamh maidir leis an gceist a chur ar an taifead.
52. Ullmhóidh an bord bainistíochta taifead foirmiúil den chruinniú. Ba chóir cóip a thabhairt don CRS lena mbaineann laistigh de chúig lá oibre den chruinniú. Beidh sé de cheart ag an CRS lena mbaineann aon tuairim gur mian leis nó léi a dhéanamh maidir le taifead foirmiúil an chruinnithe a chur ar an taifead, laistigh de chúig lá oibre ó thaifead foirmiúil an chruinnithe a fháil.
53. Agus machnamh déanta aige ar an gceist ag an gcruinniú araíonachta, ansin cinnfidh an bord bainistíochta cé acu an bhfuil bunús le pionós araíonachta nó nach bhfuil. Féadfaidh pionós araíonachta na nithe seo a leanas a chuimsiú:-
- Incrimint a choinneáil siar;
  - Incrimint a iarchur;
  - Saoire Riaracháin gan pá;
  - Dífhostú.
54. Nuair a chinntear pionós araíonachta a ghearradh ag an gcruinniú araíonachta nó i ndiaidh an chruinnithe, ansin tabharfar ráiteas i scríbhinn don CRS a

thugann sonraí maidir leis an bpionós araíonachta laistigh de chúig lá oibre ón gcrúinniú. Ba chóir go sonródh an ráiteas seo go hiomlán an pionós araíonachta atá á ghearradh, agus an chúis atá leis an bpionós araíonachta a ghearradh. Coinneoidh bord bainistíochta na scoile cóip den ráiteas seo.

55. Nuair a ghearrtar pionós araíonachta nach dtéann chomh fada le dífhostú ba chóir go ndéarfadh an ráiteas seo go ndéanfaidh an bord bainistíochta athbhreithniú ar an gceist laistigh de thréimhse ama atá sonraithe chun a mheas cé acu an bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta araíonachta nó nach bhfuil. Dá réir sin, ba chóir don ráiteas seo cur síos a thabhairt ar an bhfeabhsú atá de dhíth, an scála ama d'fheabhsú agus na hiarmhairtí a bheidh ann mura mbíonn feabhsú ann. Ba chóir go ndéarfadh an ráiteas seo leis an CRS, má theipeann air/uirthi a cuid oibre, iompair, feidhmíochta, tinrimh nó ceist ar bith eile dá leithéid a leasú, go mbeidh tuilleadh gníomhaíochta araíonachta ann chomh fada le dífhostú, agus é sin san áireamh, faoi réir an ghnáis a leagtar amach anseo. Coinneoidh bord bainistíochta na scoile cóip den ráiteas seo.
56. **Déanfar an pionós araíonachta seo a thaifeadadh i scríbhinn ar chomhad pearsanra an CRS agus fanfaidh sé ansin go buan.**
57. Más rud é, i dtuairim an bhoird bhainistíochta, i ndiaidh thionól an chruinnithe araíonachta, nach bhfuil bunús le pionós araíonachta a eisiúint, ansin féadfaidh siad a chinneadh nár chóir aon ghníomhaíocht eile a dhéanamh maidir leis an gceist nó gur chóir na foláirimh a eisíodh roimhe sin a mharcáil in éag. Ba chóir fógra a thabhairt i scríbhinn don CRS, laistigh de chúig lá oibre den chruinniú, maidir le cinneadh ar bith dá leithéid a ghlacfar ina leith seo.
58. Ní dheimhneofar gníomhaíocht araíonachta ar bith go dtí go mbeidh toradh ar achomharc ar bith faoi réir na ngnásanna achomhairc a leagtar síos sa cháipéis seo ach amháin do mhí-iompar tromchúiseach líomhnaithe mar a thugtar síos air sa roinn a bhaineann le mí-iompar tromchúiseach.
59. Mura bhfaightear achomharc ón CRS lena mbaineann laistigh den tréimhse seacht lá oibre ó fhógra an phionóis araíonachta nó dífhostú atá molta, ansin féadfaidh an t-údarás cuí dul ar aghaidh chun an pionós araíonachta atá molta a chur i gcrích.
60. **Nuair a ghearrtar ceann de na pionóis araíonachta seo a leanas ar SNA, ní mór fógra a thabhairt don Roinn Oideachais agus Scileanna laistigh de 15 lá oibre de dhul in éag na tréimhse inar féidir le CRS achomharc a dhéanamh i gcoinne an phionóis araíonachta atá molta. Ní mór don fógra seo sonraí iomlána a áireamh ar an bpionós araíonachta atá á ghearradh agus an chúis le an bpionós araíonachta a ghearradh. Coinneoidh an Roinn Oideachais agus Scileanna cóip den bhfógra seo go buan. Ba chóir fógra dá leithéid a chur chuig Rannán Párolla do Chúntóirí Riachtanas Speisialta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí.**
- **Incrimint a choinneáil siar;**
  - **Incrimint a iarchur;**

- Saoire Riaracháin gan pá;
- Dífhostú.

## MÍ-IOMPAR TROMCHÚISEACH:

61. I gcásanna mí-iompair tromchúisigh líomhnaithe ag obair nó bagairt do shláinte agus sábháilteacht do dhaltaí nó pearsanra eile sa scoil, ní bhaineann Céimeanna 1 agus 2 den ghnás araíonachta a luaitear thuas de ghnáth agus féadfaidh an fostóir dul ar aghaidh díreach chuig Céim 3 den ghnás araíonachta. Féadfar CRS a dhífhostú gan dul i muinín chéimeanna 1 agus 2 den ghnás araíonachta.

Seo a leanas samplaí de chionta mí-iompair tromchúiseacha (ní liosta uileghabhálach é seo) gur féidir nach mbeidh ceann amháin de chéimeanna 1 agus 2 den ghnás araíonachta, nó iad beirt, i bhfeidhm, ag brath ar thromchúis an chiona líomhnaithe:

- Cion ar bith a sháraíonn téarmaí na nGnásanna do scoileanna um Chosaint Leanaí;
  - Míchumas trí alcól nó a bheith faoi thionchar dhrugaí mídhleathacha nó mí-úsáid chógas ar oideas. Seilbh agus/nó díol dhrugaí mídhleathacha;
  - Goid, calaois, cúigleáil, breabaireacht nó corbadh;
  - Iompar toirmeascadh agus/nó foréigineach;
  - Ionsaí ar fhostaithe nó tríú páirtithe eile le linn na fostaíochta agus/nó foréigean eile san ionad oibre;
  - Leithcheal, bullaíocht, iompar míchuí tromchúiseach, ciapadh, ciapadh gnéasach i gcoinne comhalta foirne nó dalta/foghlaiméoir nó tuismitheoir/caomhnóir;
  - Falsú lántoilíúil ar thaifid, sárú nó mí-úsáid faisnéise rúnda nó maoiné, ábhar nó treallamh eagrais
  - Iontráil/rochtain neamhúdaráithe ar thaifid/comhaid ríomhaire agus/nó eile;
  - Sárúithe tromchúiseacha ar pholasaithe r-phoist, idirlín, TF nó gutháin;
  - Postáil nó scaipeadh, de láimh nó go huathoibríoch, de theachtaireachtaí ionsaitheacha, graosta nó mígheanasacha, cibé trí r-phost, téacs, láithreáin líonraithe shóisialta nó aon chineál de ghléas cumarsáide;
  - Ábhar pornagrafach a íoslódáil/scaipeadh;
  - Sárúithe tromchúiseacha ar rialacha sláinte agus sábháilteachta;
  - Neamart nó faillí ar dhualgais a tharraingíonn, nó a bhfuil an cumas aige a tharraingt, caillteanas, damáiste nó gortú neamh-inghlactha;
  - Neamhláithreachtaí neamhúdaráithe seasmhacha;
  - Bréagléiriú nó mí-úsáid údaráis;
  - Tionchar míchuí chun sochar pearsanta/teaghlaigh a dhéanamh nó glacadh le bronntanais/flaithiúlacht mhíchuí m.sh. ó eagrais tráchtála;
  - Diúltú cloí le teoracha dlíthiúla agus iarmhairtí tromchúiseacha dá bharr;
  - Aon sárú tromchúiseach iontaoibhe de chuid an CRS.
62. Do chúiseanna na ranna seo féadfaidh mí-iompar tromchúiseach baint freisin le gníomh a tharla nó a líomhnaítear a tharla lasmuigh den scoil nuair a bhí an gníomh, nó gníomh líomhnaithe, mar chúis le himní thromchúiseach maidir le sláinte agus sábháilteacht dhaltaí agus/nó fhoireann na scoile.

63. I ngach cás de mhí-iompar tromchúiseach líomhnaithe, déanfaidh príomhoide na scoile fiosrú iomlán chun na fíricí a bhunú. Tá na prionsabail seo a leanas i bhfeidhm:
- Prionsabail an cheartais aiceanta agus gnásanna cothroma;
  - Féadfar an CRS a chur ar saoire riaracháin go dtí go mbíonn toradh ar fhiosrú dá leithéid. Beart réamhchúraim is ea Saoire Riaracháin agus ní pionós araíonachta;
  - Ar chríoch an fhiosraithe, cuirfidh príomhoide na scoile tuairisc scríofa ar an bhfiosrú faoi bhráid an bhoird bhainistíochta.
64. Samhlaítear go mbeadh saoire riaracháin le pá teoranta de ghnáth do chásanna ina bhfuil cosaint leanaí i gceist. I gcásanna dá leithéid tá ceapachán ionadaí faoi réir chead ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus tá an cead seo ag brath ar na gnásanna riachtanacha ar fad a bheith á dtionól ar bhealach tráthúil. I gcás saoire riaracháin le pá ní mór fógra a thabhairt don Roinn Oideachais agus Scileanna laistigh de 15 lá oibre den saoire riaracháin le pá ag tarlúint. Ní mór don fógra seo sonraí iomlána a áireamh ar an gcúis don saoire riaracháin le pá ag tarlúint. Coinneoidh an Roinn Oideachais agus Scileanna cóip den bhfógra seo go buan. Ba chóir fógra dá leithéid a chur chuig Rannán Párolla do Chúntóirí Riachtanas Speisialta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí.
65. Agus an tuairisc scríofa faighte cinnfidh an bord bainistíochta cé acu a dtionólfar nó nach dtionólfar cruinniú araíonachta faoi réir roinn 3 de na gnásanna araíonachta seo.
66. Agus machnamh déanta ag an mbord bainistíochta ar an gceist ag an gcruinniú araíonachta faoi réir roinn 3 de na gnásanna araíonachta seo, ansin cinnfidh siad cé acu an bhfuil bunús le pionós araíonachta nó nach bhfuil. Féadfaidh pionós araíonachta na nithe seo a leanas a chuimsiú:-
- Incrimint a choinneáil siar;
  - Incrimint a iarchur;
  - Saoire Riaracháin gan pá;
  - Dífhostú.
67. Sa chás go gcuirtear deireadh le fostaíocht an CRS ar chúis mhí-iompair tromchúisigh, ní bheidh an CRS i dteideal fógra nó íocaíocht in áit fógra a fháil.
- 68. Nuair a ghearrtar ceann de na pionóis araíonachta seo a leanas ar SNA, ní mór fógra a thabhairt don Roinn Oideachais agus Scileanna laistigh de 15 lá oibre de dhul in éag na tréimhse inar féidir le CRS achomharc a dhéanamh i gcoinne an bhionóis araíonachta atá molta. Ní mór don fógra seo sonraí iomlána a áireamh ar an bhionós araíonachta atá á ghearradh agus an chúis le an bhionós araíonachta a ghearradh. Coinneoidh an Roinn Oideachais agus Scileanna cóip den bhfógra seo go buan. Ba chóir fógra dá leithéid a chur chuig Rannán Párolla do Chúntóirí Riachtanas Speisialta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí.**

- **Incrimint a choinneáil siar;**
- **Incrimint a iarchur;**
- **Saoire Riaracháin gan pá;**
- **Dífhostú.**



## **GNÁS ACHOMHARC:**

69. Beidh sé oscailte don CRS achomharc a dhéanamh i gcoinne an phionóis araíonachta atá molta. Ní mór an achomharc ag an CRS a bheith curtha faoi bhráid chathaoirleach an bhoird bhainistíochta laistigh de sheacht lá oibre ó fhógra an phionóis araíonachta nó dífhostú molta. Ní mór an t-achomharc a bheith i scríbhinn agus an chúis/na cúiseanna a bhfuil an t-achomharc á dhéanamh a lua.
70. Má chuireann an CRS achomharc isteach ansin de ghnáth ní mór é a éisteacht laistigh de 30 lá oibre den achomharc a chur faoi bhráid chathaoirleach an bhoird bhainistíochta.
71. Mura bhfaightear achomharc ón CRS lena mbaineann laistigh de sheacht lá oibre ó fhógra an phionóis araíonachta nó dífhostú molta ansin féadfaidh an t-údarás cuí dul ar aghaidh agus an pionós araíonachta atá molta a chur i bhfeidhm.
72. Níl sé beartaithe go ndéanfaidh éisteacht achomhairc an próiseas fiosraithe/araíonachta arís ach go dtabharfaidh sé aghaidh ar cheisteanna ar leith a cheapann an CRS nach bhfuair machnamh dóthanach, ar nós:
- Sárú ar ghnás, agus locht bhunúsach sa toradh dá réir;
  - Níor tugadh deis réasúnta don CRS lena mbaineann freagairt don cheist;
  - Ní fhéadfaí a bheith ag súil go dtuigfeadh an CRS lena mbaineann go dtarraingeodh an t-iompar líomhnaithe gníomhaíocht araíonachta;
  - Déine an phionóis a gearradh.
73. I gcás pionóis atá molta faoi Chéim 2 de na gnásanna araíonachta seo éisteoidh an bord bainistíochta an t-achomharc. Éileoidh cruth an achomhairc seo go mbeidh an CRS agus a (h)ionadaí fostaí agus príomhoide na scoile agus ainmní an bhoird bhainistíochta (mar is cuí) i láthair os comhair bhord bainistíochta na scoile. Beidh údarás ag bord bainistíochta na scoile breithiúnas a thabhairt agus cinneadh a eisiúint ar an achomharc.
74. I gcás dífhostaithe molta nó pionós araíonachta molta a bheith á ghearradh faoi réir chéim 3 de na gnásanna araíonachta seo, beidh an t-achomharc chuig duine/daoine ainmnithe ag bord bainistíochta na scoile nach raibh páirteach sa ghnás araíonachta roimhe sin.
75. Éileoidh cruth an achomhairc seo go mbeidh an CRS agus a (h)ionadaí fostaí agus ionadaí/ionadaithe de chuid an bhoird bhainistíochta os comhair an duine/na daoine neamhspleách ainmnithe ag bord bainistíochta na scoile. Beidh údarás ag an duine/na daoine neamhspleách ainmnithe ag an bord bainistíochta do chúis an achomhairc moladh a dhéanamh don bhord bainistíochta maidir leis an achomharc. Fanann an cinneadh deiridh maidir leis an achomharc ag an mbord bainistíochta a eiseoidh cinneadh ar an achomharc agus an bunús leis an gcinneadh seo, i scríbhinn laistigh de 10 lá oibre ón moladh a fháil ón duine neamhspleách ainmnithe ag an mbord bainistíochta.

76. Nuair a déantar achomharc ar chinneadh le CRS a dhífhostú agus cloítear leis an mbunchinneadh, is é bundháta an dífhostaithe dáta chríoch na fostaíochta agus ní dáta thoradh an achomhairc.
77. Nuair a theipeann ar achomharc i gcoinne dífhostaithe agus measann an CRS gur dífhostaíodh é/í go héagórach féadfaidh siad cás a chur ar aghaidh faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977-2007 faoi réir na dteorainneacha ama atá sa reachtaíocht sin.

**FÓGRA FOIRCEANTA:**

78. Ach amháin i gcoinníollacha a thugann údar le foirceannadh láithreach d'fhostaíocht CRS ag fostóir, beidh an CRS i dteideal an tréimhse fógartha chuí a fháil mar a leagtar síos san Acht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2001.

## GNÁSANNA CASAOIDE

### RÉAMHRÁ:

1. Is é polasaí na scoile é:
  - An fhoireann ag gach leibhéal a spreagadh chun bealaí cumarsáide agus gaoil oibre a fhorbairt a chuirfidh cosc nó a laghdóidh eachtraí casaoide;
  - Féachaint le timpeallacht a chruthú ina bhfuil réiteach neamhfhoirmiúil ar dhifríochnaí ina norm;
  - Áiseanna éifeachtúla a sholáthar trínar féidir leis an bhfoireann réiteach ar chasaoid fostaí a lorg;
  - Casaoid a réiteach go cothrom agus go gasta chun cosc a chur ar mór-aigneas a fhorbairt.
2. Bainfidh an Gnás Casaoide i gcoitinne le sárúithe ar rialacha, polasaithe, , gnásanna nó cleachtais scoile. Do chúiseanna an ghnáis casaoide seo, tuigfear leis an tagairt do ‘ionadaí fostaí’ comhghleacaí de rogha an CRS atá ag freastal sa scoil chéanna, agus/nó ionadaí ceadaithe ceardchumann ach ní duine nó comhlachas ar bith eile nach bhfuil nasctha leis an scoil. Ina theannta sin, má chuirtear casaoid a bhaineann le ceist atá cuimsithe ag an Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2004, nó reachtaíocht chuí eile, ar aghaidh chuig an gCúirt Oibreachais, ní bhainfear úsáid as an ngnás seo. Bheadh cur ar aghaidh dá leithéid ina chríoch ar an nGnás Casaoide.
3. Ní phléifidh an Gnás Casaoide le;-
  - Cúrsaí curaclaim;
  - Feabhsuithe sa phá nó téarmaí agus coinníollacha fostaíochta atá ann cheana agus coinníollacha fostaíochta a bhaineann le comhaontú conartha;
  - Líomhaintí anaithnid;
  - Cúrsaí atá mar ábhar ag imeachtaí dlí;
  - Cúrsaí nach mbaineann le fostaíocht;
  - Cúrsaí ag éirí as forfheidhmiú na ngnásanna araíonachta.

**(Nóta: Ní liosta uileghabhálach é seo)**

### CAINTEANNA NEAMHFHOIRMIÚLA:

4. Is féidir an chuid is mó de chasaoidí a réiteach ar bhonn neamhfhoirmiúil gan úsáid a bhaint as na gnásanna casaoide foirmiúla. Roimh an gnás casaoide foirmiúil a agairt déanfaidh an CRS an chasaoid a phlé go neamhfhoirmiúil leis an bpáirtí eile agus/nó an chasaoid a ardú go neamhfhoirmiúil le príomhoide na scoile. Déanfaidh na páirtithe iarracht teacht ar réiteach atá inghlactha dóibh araon. Má bhaineann an chasaoid le príomhoide na scoile, féadfaidh an CRS an chasaoid a phlé go neamhfhoirmiúil le comhalta den bhord bainistíochta a ainmnítear don chúis seo.

## **GNÁSANNA CASAOIDE FOIRMIÚLA:**

5. Má fhanann an chasaoid gan réiteach i ndiaidh na gcainteanna neamhfhoirmiúla, féadfaidh an CRS casaoid fhoirmiúil a ardú faoi na gnásanna casaoide. Seo a leanas céimeanna na ngnásanna casaoide:

### **CÉIM 1 – CASAOID CURTHA FAOI BHRÁID PHRÍOMHOIDE NA SCOILE<sup>1</sup>:**

6. Ba chóir don CRS an chasaoid a chur faoi bhráid príomhoide na scoile ar an gcéad dul síos. Leagfaidh an CRS amach an chasaoid i scríbhinn ag rá go bhfuil an gnás casaoide foirmiúil á agairt. Socrófar cruinniú laistigh de sheacht lá oibre i ndiaidh an fógra scríofa go bhfuil Céim 1 den ghnás casaoide á agairt. Cuirfear an CRS ar an eolas faoina c(h)eart a bheith á t(h)ionlacan ag ionadaí fostaí. Ag an gcruinniú seo pléifidh an CRS an chasaoid le príomhoide na scoile d'fhonn an chasaoid a réiteach. Glacfaidh príomhoide na scoile cibé bearta a mheasfaidh sé/sí a bheith cuí chun an chasaoid a bheith réitithe go neamhfhoirmiúil.
7. Agus an chasaoid fiosraithe aige/aici cuirfidh príomhoide na scoile a c(h)inneadh in iúl i scríbhinn maraon le taifead foirmiúil ar an gcruinniú seo don CRS laistigh de chúig lá oibre den chruinniú seo. Beidh sé de cheart ag an CRS lena mbaineann aon tuairim gur mian leis nó léi a dhéanamh maidir le taifead foirmiúil an chruinnithe a chur ar an taifead, laistigh de chúig lá oibre ó thaifead foirmiúil an chruinnithe a fháil.
8. Mura réiteofar an chasaoid beidh an CRS i dteideal Céim 2 de na gnásanna seo a agairt laistigh de 7 lá oibre ón gcinneadh a fháil.

### **CÉIM 2 – CASAOID CURTHA FAOI BHRÁID AINMNÍ AN BHOIRD BHAINISTÍOCHTA<sup>2</sup>:**

9. Má fhanann an chasaoid gan réiteach féadfaidh an CRS gluaiseacht chuig Céim 2 den ghnás casaoide trí fhógra a thabhairt i scríbhinn go bhfuil Céim 2 den ghnás casaoide á agairt anois. Ba chóir an agairt a chur faoi bhráid ainmní bhord bainistíochta na scoile anois.
10. Socrófar cruinniú le hainmní an bhoird bhainistíochta laistigh de sheacht lá oibre ón uair a fhaightear fógra scríofa go bhfuil Céim 2 den ghnás casaoide á agairt. Cuirfear an CRS ar an eolas faoina c(h)eart a bheith á t(h)ionlacan ag ionadaí fostaí. Ag an gcruinniú seo pléifidh an CRS an chasaoid le hainmní an bhoird bhainistíochta d'fhonn an chasaoid a réiteach. Glacfaidh ainmní an bhoird bhainistíochta cibé bearta a mheasfaidh sé/sí a bheith cuí chun an chasaoid a bheith réitithe go neamhfhoirmiúil.

---

<sup>1</sup> Má bhaineann an chasaoid le príomhoide na scoile, ba chóir an chasaoid a chur faoi bhráid ainmní de chuid an bhoird bhainistíochta atá ainmnithe don chúis seo, a leanfaidh an gnás céanna.

<sup>2</sup> Má bhaineann an chasaoid le príomhoide na scoile, ba chóir an chasaoid a chur faoi bhráid ainmní de chuid an bhoird bhainistíochta atá ainmnithe don chúis seo, a leanfaidh an gnás céanna (ní féidir an t-ainmní céanna ar cuireadh céim 1 den ghnás faoina b(h)ráid a bheith ann).

11. Agus an chasaoid fiosraithe aige/aici cuirfidh ainmní an bhoird bhainistíochta a c(h)inneadh in iúl i scríbhinn maraon le taifead foirmiúil ar an gcruinniú seo don CRS laistigh de chúig lá oibre den chruinniú seo. Beidh sé de cheart ag an CRS lena mbaineann aon tuairim gur mian leis nó léi a dhéanamh maidir le taifead foirmiúil an chruinnithe a chur ar an taifead, laistigh de chúig lá oibre ó thaifead foirmiúil an chruinnithe a fháil.

### **CÉIM 3 – AN CHASAOID A CHUR AR AGHAIDH NÍOS FAIDE:**

12. Má fhanann an chasaoid gan réiteach i ndiaidh céim 2 den ghnás casaoide, féadfaidh an CRS an chasaoid a chur faoi bhráid:
- An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais;
  - An Chúirt Oibreachais;
  - An Binse Achomhairc Fostaíochta;
  - An Binse Comhionannais.
13. Ní chuirfear tús le, ná ní bhagrófar, aon stailceanna nó foirmeacha eile gníomhaíochta tionsclaíocha go dtí go mbíonn gach céim den ghnás casaoide, lena n-áirítear cur ar aghaidh faoi Chéim 3 den ghnás casaoide seo, ídithe go hiomlán.